Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Márta 2026
(OR. en)

7049/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0052 (NLE)**

**SCH-EVAL 14
FRONT 58
IXIM 70
COMIX 66**
***CH
IS
LI
NO***

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Márta 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6474/26 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí ceartaitheacha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh i meastóireacht Schengen 2025 ar an bPortaingéil i ndáil le seiceálacha ag teorainneacha seachtracha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí ceartaitheacha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh i meastóireacht Schengen 2025 ar an bPortaingéil i ndáil le seiceálacha ag teorainneacha seachtracha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, mar a ghlac an Chomhairle é ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Márta 2026.

I gcomhréir le hAirteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

### lena leagtar amach moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí ceartaitheacha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh i meastóireacht Schengen 2025 ar an bPortaingéil i ndáil le seiceálacha ag teorainneacha seachtracha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[1], agus go háirithe Airteagal 22(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 4(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2022/922, d’eagraigh an Coimisiún meastóireacht gan réamhfhógra chun measúnú a dhéanamh ar bhainistiú na Portaingéile ar an teorainn sheachtrach agus ar na gnéithe ábhartha de Chóras Faisnéise Schengen, go háirithe cáilíocht agus éifeachtúlacht na seiceálacha teorann, trí chuairteanna ar an láthair a dhéanamh ag Aerfort Liospóin agus ag Calafort Liospóin an 15 agus an 16 Nollaig 2025, faoi seach.

(2) Tá aerfort Liospóin ríthábhachtach d’fheidhmiú agus do shlándáil an limistéir gan teorainneacha inmheánacha, ós rud é go bhfuil sé ar cheann de na pointí trasnaithe teorann aeir is tábhachtaí i limistéar Schengen ó thaobh an lín sreabh paisinéirí[2] agus na nasc eitilte leis an Afraic agus le Meiriceá Theas, go háirithe an Bhrasaíl agus Angóla, ar tíortha iad a bhfuil rioscaí móra imirce ag baint leo. 11,9 milliún paisinéir a bhí i dtrácht lasmuigh de Schengen ag Aerfort Liospóin ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 30 Samhain 2025.

---

[1] IO L 160, 15.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/922/oj.

[2] De réir sonraí ó Eurostat, is é Aerfort Liospóin an t- ochtú haerfort is gnóthaí san Aontas é agus bain breis agus 35 mhilliún paisinéir úsáid as in 2024.

(3) Léirigh na cuairteanna ar an láthair go raibh easnaimh thromchúiseacha ann maidir le seiceálacha teorann seachtracha a bheith á ndéanamh ag an bPortaingéil ag Aerfort Liospóin mar gheall ar cháilíocht an-íseal na seiceálacha teorann céadlíne agus dara líne, tréimhsí feithimh ró-iomarcacha agus maolú córasach gan fógra ar sheiceálacha teorann as a n-eascraíonn easpa rialuithe ar imeacht. Na heasnaimh thromchúiseacha sin a bhaineann le rialú ag teorainneacha seachtracha, tá tionchar diúltach mór acu ar Bhallstáit eile agus ar fheidhmiú limistéar Schengen, nó tá an baol ann go mbeidh tionchar diúltach mór acu orthu, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, agus tá ardriosca slándála ag baint leo sa limistéar sin.

(4) Tar éis na meastóireachta, chuir an Coimisiún an Phortaingéil agus an Chomhairle ar an eolas láithreach maidir leis na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh agus ghlac sé tuarascáil le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2026) 640 ón gCoimisiún inar sainaithníodh easnaimh thromchúiseacha a bhaineann le seiceálacha ag teorainneacha seachtracha.

(5) Ba cheart don Phortaingéil gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh láithreach chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh. I bhfianaise chineál na dtorthaí ón gCoimisiún, tá sé tábhachtach gach ceann de na heasnaimh a sainaithníodh a leigheas a luaithe is féidir chun seiceálacha teorann aonfhoirmeacha agus ardleibhéil ag Aerfort Liospóin a áirithiú go pras. I ndáil leis sin, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme na moltaí a bhaineann le cáilíocht na seiceálacha teorann, leis an inniúlacht calaois doiciméad a bhrath, leis an oiliúint i rialú teorann, agus le leithdháileadh acmhainní daonna le haghaidh seiceálacha teorann. Ba cheart teorainneacha ama comhréireacha a shocrú le haghaidh na moltaí chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad.

(6) De bhun Airteagal 22(6) de Rialachán (AE) 2022/922, laistigh de mhí amháin tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, tá an Phortaingéil le plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas agus chun an plean gníomhaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle. Socróidh an Chomhairle teorainneacha ama comhréireacha le haghaidh chur chun feidhme na moltaí a bhaineann le heasnamh tromchúiseach.

(7) Ba cheart don Phortaingéil tuairisc a thabhairt don Choimisiún agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme a plean gníomhaíochta gach 3 mhí tar éis an dáta a fhaightear fógra go bhfuarthas an t-athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta agus go dtí go measfaidh an Coimisiún go bhfuil na moltaí uile curtha chun feidhme ina n-iomláine.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 22(7) de Rialachán (AE) 2022/922, tabharfar cuairt arís chun an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí a fhíorú tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis dháta na gníomhaíochta meastóireachta,

LE CINNEADH A DHÉANAMH:

*Airteagal 1*

Cuirfidh Poblacht na Portaingéile na moltaí seo a leanas chun feidhme chun na heasnaimh thromchúiseacha a leigheas mar aon le cineálacha neamhchomhlíonta eile agus réimsí feabhais atá nasctha leo, mar a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta ar Aerfort Liospóin agus ar Chalafort Liospóin :

**An acmhainneacht chun calaois doiciméad a bhrath:**

1. líon leordhóthanach saineolaithe doiciméad oilte a áirithiú, agus acmhainneacht náisiúnta a bhunú chun calaois doiciméad a bhrath;

**Oiliúint maidir le rialú teorann:**

2. an croíchuraclam comhchoiteann a chomhtháthú sa chóras oiliúna d'údaráis na Portaingéile atá freagrach as seiceálacha teorann; gníomhaíochtaí oiliúna éigeantacha a chur chun feidhme le haghaidh seiceálacha teorann; measúnú a dhéanamh ar leibhéal an eolais a fuair na hoiliúnaithe; oiliúint athnuachana tráthrialta a eagrú le haghaidh seiceálacha teorann faoin 30 Aibreán 2026;

**Cáilíocht na seiceálacha teorann:**

3. seiceálacha teorann córasacha a áirithiú le haghaidh na ndaoine uile a thrasnaíonn an teorainn sheachtrach ag Aerfort Liospóin faoin 30 Aibreán 2026;

4. feasacht na ngardaí teorann a mhéadú maidir le próifílí agus táscairí riosca, agus a áirithiú go n-úsáidfear táirgí anailíse riosca agus teicnící próifílithe sna seiceálacha céadlíne faoi mhí Aibreáin 2026;

5. a áirithiú go suiteálfar trealamh ag na bothanna rialaithe chun calaois doiciméad a bhrath, chun tacú le hinniúlacht na ngardaí teorann céadlíne calaois doiciméad a bhrath faoin 30 Aibreán 2026;

6. a áirithiú nach gcuirfear maolú ar sheiceálacha teorann i bhfeidhm ach amháin mar thoradh ar imthosca eisceachtúla gan choinne, go rathaítear seiceálacha córasacha agus go ndéanfar tuarascáil ar na cásanna maidir le maolú ar sheiceálacha teorann a tharchur chuig an gCoimisiún uair sa bhliain faoin 30 Aibreán 2026;

7. seiceálacha críochnúla a dhéanamh ar phaisinéirí a úsáideann na ríomhgheataí lena n-áirithítear go bhfíoraítear a gcoinníollacha iontrála;

**Comhar idirghníomhaireachta ag Aerfort Liospóin agus ag Calafort Liospóin:**

8. feabhas a chur ar chomhordú cothrománach agus ar chomhar idirghníomhaireachta idir údaráis na Portaingéile atá freagrach as rialú teorann chun cur chun feidhme seiceálacha teorann aonfhoirmeacha agus ardleibhéil a áirithiú;

- **Acmhainní daonna maidir le rialú teorann ag Aerfort Liospóin:**

9. leithdháileadh agus imlonnú na mball foirne atá freagrach as seiceálacha teorann a bharrfheabhsú de réir na riachtanas atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, chun cur chun feidhme seiceálacha teorann córasacha agus éifeachtúla a áirithiú;

- **Cáilíocht na seiceálacha teorann ag Aerfort Liospóin agus ag Calafort Liospóin:**

10. nós imeachta a ghlacadh chun faisnéis a bhailiú go discréideach i gcás amas ar fholáirimh maidir le seiceálacha discréideacha ag na ríomhgheataí ag Aerfort Liospóin ionas nach gcuirfear cineál na seiceálacha sin i mbaol;

11. a áirithiú go n-eisítear víosaí aonfhoirmeacha ag an teorainn agus go mbíonn feasacht leordhóthanach ar na nósanna imeachta eisiúna víosaí ag na gardaí teorann agus a áirithiú go n-eisítear víosaí saor in aisce do bhaill teaghlaigh saoránach den Aontas;

12. a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis uile atá ar fáil i gCóras Faisnéise Schengen ar taispeáint i gceart sna hiarratais ar sheiceálacha teorann chun gur féidir seiceálacha teorann céadlíne a dhéanamh go héifeachtúil;

**Anailís riosca agus malartú faisnéise ag Aerfort Liospóin agus ag Calafort Liospóin:**

13. a áirithiú go ndéantar táirgí anailíse riosca a tháirgeadh go tráthrialta;

14. clár oiliúna náisiúnta um anailís riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhonn na Samhla Coitinne Comhtháite Anailíse Riosca agus a áirithiú go mbeidh sé ar fáil d'anailísithe ar gach leibhéal.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*